Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meán Fómhair 2016
(OR. en)

12056/16

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0265 (COD)**

ECOFIN 784
STATIS 63
CODEC 1227
IA 68

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Meán Fómhair 2016 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2016) 557 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gclár staidrimh Eorpach 2013-17, trí é a fhadú go 2018-2020 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2016) 557 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: COM(2016) 557 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 7.9.2016
COM(2016) 557 final

2016/0265 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gclár staidrimh Eorpach 2013-17, trí é a fhadú go 2018-2020**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE agus leis an Eilvéis)

{SWD(2016) 287 final}
{SWD(2016) 288 final}

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Foras agus cuspóirí an togra**

Bíonn ar an Aontas Eorpach (AE) dul i ngleic le dúshláin i roinnt mhaith réimsí beartais agus bíonn an-éileamh ar staidreamh Eorpach[1] i gcónaí. Bíonn an cur chun feidhme agus an faireachán a dhéantar ar bheartais de chuid an Aontais Eorpaigh ag brath ar fhaisnéis staidrimh ardcháilíochta inchomparáide faoi na dálaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil atá i réim san Aontas Eorpach agus ar a comhpháirteanna ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Tá staidreamh Eorpach ag teastáil freisin má tá an pobal i gcoitinne chun 'an Eoraip' a thuiscint agus má tá saoránaigh chun páirt a ghlacadh sa phróiseas daonlathach agus sa díospóireacht ar an Aontas Eorpach mar atá sé faoi láthair agus mar a bheidh sé sa todhchaí.

D'fhonn freastal ar na riachtanais faisnéise a eascraíonn as na 10 dtosaíocht pholaitiúla atá ag an gCoimisiún[2], is gá aghaidh a thabhairt ar roinnt bearnaí práinneacha staidrimh. Ina theannta sin, is gá an tráthúlacht a bhaineann le cineálacha áirithe staidrimh Eorpaigh a fheabhsú mar ábhar práinne ar mhaithe leis an bhfaisnéis níos cothroime le dáta a theastaíonn do chleachtadh an tSeimeastair Eorpaigh a sholáthar.

Cé go bhfuil iarracht shuntasach déanta ag córais staidrimh náisiúnta ar a modhanna táirgthe a nuachóiriú le tacaíocht ón gclár staidrimh Eorpach 2013-2017, níl an bonneagar reatha táirgthe staidrimh sách solúbtha go fóill chun staidreamh nua a sholáthar nuair a bhíonn sin ag teastáil. Cuireann an méid seo srian ar an ualach gaolmhar costais agus riaracháin ag an am céanna. Faoi mar atá cúrsaí faoi láthair, ní bheidh an Córas Staidrimh Eorpach (CSE) in ann freastal ar an éileamh a bhíonn ag méadú ar staidreamh ná ar an ngá atá le staidreamh a chur ar fáil níos tapa. Chuirfeadh sé sin ábharthacht an staidrimh Eorpaigh i mbaol.

Dá bhrí sin, is é cuspóir an togra seo an clár staidrimh Eorpach a fhadú go dtí an tréimhse 2018-2020 agus an tacaíocht airgeadais a theastaíonn uaidh a sholáthar do CSE chun é a chumasú leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

– faisnéis staidrimh ardcháilíochta a sholáthar agus na príomhbhearnaí staidrimh ar gá aghaidh a thabhairt orthu láithreach a dhúnadh, agus é ag díriú ar roinnt réimsí tosaíochta a léiríonn na 10 dtosaíocht pholaitiúla atá ag an gCoimisiún;

– forbairt a dhéanamh ar an acmhainn bhuan a theastaíonn chun freagairt níos tapa do riachtanais a bhíonn ag teacht chun cinn agus chun an bonneagar staidrimh a oiriúnú ionas gur féidir leo leas a bhaint as acmhainneacht na bhfoinsí nua sonraí; agus

[1] An creat dlíthiúil i gcomhair staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh, leagtar síos é i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndacht staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

[2] https://ec.europa.eu/priorities/sites/beta-political/files/juncker-political-guidelines_en.pdf.

– an chomhpháirtíocht laistigh de CSE agus lasmuigh de a neartú chun a tháirgiúlacht a mhéadú tuilleadh agus a ról ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir le staidreamh oifigiúil a áirithiú.

Is iad úsáideoirí staidrimh (e.g. lucht déanta beartas, na meáin agus taighdeoirí), táirgeoirí staidrimh (institiúidí staidrimh náisiúnta (ISNanna) agus údaráis náisiúnta eile) agus freagróirí (teaghlaigh agus gnólachtaí) na páirtithe a mbeadh an tionchar ba dhírí ag an togra orthu.

Ós rud é gur tionscnamh cothrománach é an clár staidrimh Eorpach, níl sé ina chuid de Chlár an Choimisiúin um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT).

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana féin sa réimse beartais seo**

Foráiltear don mhéid seo le hAirteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach: 'Leis an gclár staidrimh Eorpach, soláthrófar an creat chun staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh, agus leagfar amach ann príomhréimsí agus cuspóirí na ngníomhaíochtaí atá beartaithe ar feadh tréimhse a chomhfhreagraíonn do thréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil'. Leagtar amach sa chlár staidrimh Eorpach an creat agus na tosaíochtaí i gcomhair staidreamh Eorpach ar feadh thréimhse feidhme an chláir sin agus socraítear ann freisin an buiséad lena gcumhdófar an tréimhse sin. Tá cláir oibre bhliantúla Eurostat bunaithe ar an gclár staidrimh Eorpach ilbhliantúil. An clár staidrimh Eorpach reatha, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 agus lena gcumhdaítear an tréimhse ón mbliain 2013 go dtí an bhliain 2017, is é an t-ochtú clár dá chineál é.

Is é aidhm an tionscnaimh sin creat reachtach a bhunú i gcomhair an chláir staidrimh Eorpaigh ar feadh thréimhse feidhme an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Foráiltear le hAirteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 gur trí 'ghníomhaíochtaí aonair staidrimh' a chuirfear an clár staidrimh Eorpach chun feidhme, arna gcinneadh:

– ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle;

– ag an gCoimisiún faoi choinníollacha sonracha; nó

– trí chomhaontuithe CSE idir na ISNanna nó na húdaráis náisiúnta eile agus an Coimisiún (Eurostat).

Ní thugtar aghaidh sa togra seo ar "staidreamh eile" mar a shainmhínítear i gCinneadh 2012/504/AE[3] ón gCoimisiún mar staidreamh nach staidreamh Eorpach é agus a aithnítear i gcleachtadh pleanála agus comhordaithe arna stiúradh ag Eurostat.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is é an príomhchuspóir atá le staidreamh Eorpach taca a chur faoin bhforbairt, faoin bhfaireachán agus faoin measúnú a dhéantar ar bheartais Eorpacha trí fhaisnéis staidrimh atá iontaofa, oibiachtúil, inchomparáide agus comhleanúnach a sholáthar.

Leis an togra reatha, tacófar leis na 10 dtosaíocht pholaitiúla atá i gClár Oibre an Choimisiúin i ndáil le poist, fás, cothromaíocht agus athrú daonlathach agus le tosaíochtaí eile de chuid an Aontais, amhail an Seimeastar Eorpach, an straitéis Eoraip 2020 don fhás cliste, inbhuanaithe,

[3] Cinneadh 2012/504/AE ón gCoimisiún maidir le Eurostat (IO L 251, 18.9.2012, lch. 49).

cuimsitheach agus an tAontas Fuinnimh Eorpach. Mar thoradh ar an ngá atá le freagairt pholaitiúil don ghéarchéim gheilleagrach shuntasach agus don tionchar sóisialta atá bainteach léi, tá éilimh tagtha chun cinn ar bheartais eacnamaíocha agus shóisialta níos fearr atá bunaithe ar fhianaise láidir inchomparáide. Baineann tábhacht ar leith le cinntí fianaisebhunaithe maidir le bainistíocht feidhmíochta a dhéanamh ar bheartais de chuid an Aontais Eorpaigh. Chuir an Chomhairle béim roinnt uaireanta, agus den uair is déanaí sna conclúidí ón gComhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 8 Nollaig 2015, ar an ríthábhacht a bhaineann le staidreamh oifigiúil maidir le déanamh beartas.

Leis an tionscnamh, cuirfear taca faoi bheartais an Aontais sna réimsí seo a leanas go háirithe:

– i gcomhréir leis na heochairthosaíochtaí maidir le fás agus cruthú fostaíochta, le scileanna, leis an tsoghluaisteacht agus le laghdú na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta, ba cheart go gcabhródh táscairí sóisialta le neartú a dhéanamh ar ghné shóisialta AE, ar an aontas airgeadaíochta Eorpach agus ar an anailís a dhéantar ar an tionchar sóisialta a bhíonn ag beartais mhaicreacnamaíocha;

– d’fhonn tacú leis an tosaíocht um ‘poist, fás agus infheistíocht a neartú’, teastaíonn obair bhreise staidrimh chun anailís a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag an athrú teicneolaíochta agus ag an nuálaíocht ar fhás agus ar an bhfostaíocht agus chun córas faireacháin ar an ngeilleagar ciorclach a chur i bhfeidhm;

– d’fhonn fianaise níos fearr staidrimh a sholáthar don ‘Aontas Fuinnimh Eorpach’, teastaíonn sonraí níos mine faoi thomhaltas fuinnimh agus luathmheastacháin níos fearr ar chothromaíochtaí fuinnimh;

– teastaíonn staidreamh ar dhíolachán trasteorann ar líne i gcomhair na tosaíochta um an ‘margadh aonair digiteach’. Tá gá ar leith le faisnéis níos mine faoi rochtain ar sheirbhísí arna soláthar ag idirghabhálaithe i ndáileadh inneachair, faoi iontaoibh as ardáin ar líne agus as idirghabhálaithe, agus faoi na bacainní a mbíonn teaghlaigh ag dul i ngleic leo agus ceannacháin trasteorann á ndéanamh acu;

– d’fhonn tacú leis an tosaíocht um ‘aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta níos doimhne agus níos cothroime’, bíonn ag méadú ar an tábhacht a bhaineann le hinnéacs comhchuibhithe praghsanna tithe agus le staidreamh gaolmhar maidir le measúnú a dhéanamh ar athchóirithe struchtúracha na mBallstát. Mar thoradh air sin, bíonn úsáideoirí ag iarraidh go ndéanfar tuilleadh iarrachtaí ar a raon feidhme agus a gcáilíocht a mhéadú; agus

– d’fhonn ‘ról an Aontais Eorpaigh mar ghníomhaí domhanda a neartú’ agus i gcomhréir le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, ba cheart go gcabhródh staidreamh leis an Aontas Eorpach stiúradh agus faireachán a dhéanamh ar an tionchar atá ag a bheartais sheachtracha agus ag a chláir sheachtracha chúnaimh agus ba cheart go gcuirfeadh sé le dea-rialachas agus le dea-dhíospóireacht dhaonlathach i dtíortha comhpháirtíochta.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Is é an bunús dlí Conartha don togra Airteagal 338 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar conradh é faoina bhféadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle bearta a

ghlacadh maidir le staidreamh a tháirgeadh i gcásanna ina bhfuil sé ag teastáil i gcomhair ghníomhaíochtaí an Aontais. Leagtar amach san Airteagal sin na ceanglais maidir le staidreamh Eorpach a tháirgeadh, agus luaitear ann nach mór an staidreamh a bheith ag teacht leis na caighdeáin seo a leanas: neamhchlaontacht, iontaofacht, oibiachtúlacht, neamhspleáchas eolaíoch, éifeachtacht ó thaobh costais de agus rúndacht staidrimh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta a mhéid nach dtagann an togra faoi inniúlacht eisiach AE. Tá údar maith le hinniúlacht a chomhroinnt idir AE agus na Ballstáit mar gheall ar an ngá atá le hardcháilíocht agus le hinchomparáideacht an staidrimh lena gcuirtear taca faoi bheartais AE a chinntiú agus mar gheall ar an tréith thrasnáisiúnta a bhaineann le cuid mhaith gnéithe de staidreamh go ginearálta agus de staidreamh Eorpach go háirithe. Dá bhrí sin, tá cur chuige comhordaithe maidir le staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh – mar a fhoráiltear dó sa chlár staidrimh Eorpach – ar an aon chur chuige amháin a chinntíonn gur sách comhleanúnach agus inchomparáide a bhíonn staidreamh atá ábhartha do ghníomhaíochtaí AE.

Cuspóir na gníomhaíochta atá beartaithe, is é sin, staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh faoi chlár staidrimh Eorpach fadaithe don tréimhse 2018-2020, ní féidir leis na Ballstáit é a ghnóthú go leordhóthanach ina n-aonar agus is fearr, dá bhrí sin, é a ghnóthú ar leibhéal AE bunaithe ar ghníomh dlíthiúil de chuid AE, agus inchomparáideacht riachtanach na faisnéise staidrimh ar leibhéal Eorpach á cinntiú sna réimsí staidrimh go léir a chumhdaítear leis an ngníomh sin. Féadfaidh na Ballstáit tabhairt faoin mbailiú sonraí féin.

- **Comhréireacht**

Comhlíontar prionsabal na comhréireachta leis an togra ar na cúiseanna seo a leanas:

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, níl sa togra le haghaidh Rialacháin ach an méid is lú is gá chun an cuspóir atá leis a bhaint amach agus ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun na críche sin. Is ionann na cuspóirí sonracha i gcomhair fhadú beartaithe an chláir agus na cuspóirí atá sa chlár reatha (2013-2017). Déantar na cuspóirí sin a bheachtú agus a phleanáil níos mine sna cláir oibre staidrimh bhliantúla ón gCoimisiún, a ullmhaítear i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus a ghlactar agus tuairim an Choiste CSE á cur san áireamh. Is le rannphpáirtíocht luath dhíreach na mBallstát a ullmhófar ceanglais nua staidrimh ag a mbeidh tionchar ar na Ballstáit.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: Rialachán.

Is éard atá sa togra leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gclár staidrimh Eorpach 2013-17[4], trí é a fhadú go 2018-2020.

---

[4] Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir leis an gclár staidrimh Eorpach 2013-17 (IO L 39, 9.2.2013, lch. 12).

## 3. TORTHAÍ NA MEASTÓIREACHTAÍ *EX-POST*, AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex-post*/seiceálacha oiriúnachta ar reachtaíocht atá ann cheana**

An mheastóireacht ar an gclár staidrimh Comhphobail 2008-2012, an mheastóireacht mheántéarmach[5] ar an gclár staidrimh Eorpach 2013-2017 agus na meastóireachtaí críochnaitheacha ar an gclár um nuachóiriú ar staidreamh Eorpach a bhaineann le fiontraíocht agus trádáil (MEETS), rinneadh grinnanailís orthu go léir.

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht mheántéarmach ar an gclár staidrimh Eorpach 2013-2017 go bhfuil an clár curtha chun feidhme go maith den chuid is mó agus go bhfuil 17 gcinn de na 23 chuspóir mhionsonraithe ar an mbóthar ceart dá gcur i gcrích. Gabhann dea-luach breise AE leis an gclár staidrimh Eorpach; reáchtáiltear go héifeachtúil é; freagraítear do riachtanais úsáideoirí leis; agus tá sé ag teacht le cláir staidrimh eile. Mar shampla, cabhraíonn an t-aistriú i dtreo modhanna nua chun staidreamh a tháirgeadh le cineálacha cur chuige a úsáidtear ar fud CSE. Cuireadh trí mholadh ar aghaidh sa mheastóireacht, agus é mar aidhm leo cur chun feidhme an chláir staidrimh Eorpaigh a threorú agus a bharrfheabhsú tuilleadh:

– aird ar leith a thabhairt ar na cuspóirí sin ar thángthas ar dheacrachtaí ina leith;

– dóthain acmhainní a áirithiú chun an leibhéal infheistíochta a theastaíonn chun táirgeadh an staidrimh Eorpaigh a nuachóiriú a choinneáil ar bun; agus

– aithint agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thionscadail ar leibhéal AE ar féidir leo luach breise AE a uasmhéadú.

Rinneadh na moltaí thuas a anailísiú go cúramach agus a chur san áireamh sa togra seo.

- **Comhairliúcháin le páirtithe leasmhara**

Ba ag céim luath a dréachtaíodh straitéis maidir le dul i mbun comhairle ar an togra le haghaidh an clár staidrimh Eorpach 2013-2017 a fhadú d’fhonn ionchur agus tuairimí a fháil ón oiread páirtithe leasmhara agus ab fhéidir. Sa chomhthéacs sin, agus ar bhonn na gcomhairliúchán dian a reáchtáladh le grúpaí éagsúla páirtithe leasmhara ón mbliain 2014 i leith, mhol Eurostat cur chuige cuimsitheach maidir leis an gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara i gcreat an mheasúnaithe tionchair.

Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara i gcomhréir leis an straitéis agus leis na prionsabail ghinearálta agus na híoschaighdeáin ar aithin an Coimisiún iad sna Treoirlínte uaidh maidir le comhairliúchán le páirtithe leasmhara. Ba éard a bhí sna príomhghnéithe den straitéis sraith comhairliúchán spriocdhírithe leis na príomhpháirtithe leasmhara agus comhairliúchán poiblí[6] chun a chinntiú go mbeadh deis ag gach páirtí leasmhar a chuid tuairimí a chur in iúl.

[5] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an chláir staidrimh Eorpaigh 2013-2017, COM(2015) 309 críochnaitheach, https://ec.europa.eu/transparency/regdoc/rep/1/2015/EN/1-2015-309-EN-F1-1.PDF.

[6] Rinneadh é sin tríd an ardán ar líne ‘Do Ghuthsa san Eoraip’ idir an 23 Iúil agus an 15 Deireadh Fómhair 2015 agus poiblíodh é trí chainéil chumarsáide Eurostat agus trí na ISNanna.

Ós rud é gur sa tréimhse 2010-2011 a dréachtaíodh an clár staidrimh Eorpach reatha 2013-2017, measadh gur bhain tábhacht le hionchuir a fháil ó pháirtithe leasmhara chun aithint a dhéanamh idir an dá linn ar athruithe ba cheart a chur san áireamh i gcomhair fhadú an chláir. Áiríodh leo sin athruithe polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta agus forbairtí i réimse na teicneolaíochta, an staidrimh agus na modheolaíochta. Rinneadh measúnú ansin ar thosaíochtaí i dtaca le staidreamh Eorpach go dtí an bhliain 2020. Ba ó thaobh na n-úsáideoirí de go háirithe a rinneadh an measúnú. Sa deireadh, iarradh aiseolas maidir leis an tionchar a bheadh ag na gníomhaíochtaí molta ar úsáideoirí agus tháirgeoirí an staidrimh agus ar fhreagróirí (gnólachtaí go háirithe) agus maidir leis na deacrachtaí aitheanta ar ghá iad a shárú d'fhonn na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme. Díríodh sna comhairliúcháin ar an tionchar a bheadh ag na roghanna éagsúla beartais ar fhadú an chláir staidrimh Eorpaigh freisin.

Rinneadh catagóirí agus grúpaí páirtithe leasmhara a aithint agus a mhapáil sa straitéis chomhairliúcháin le go gcumhdófaí iad go léir. Áiríodh leo sin úsáideoirí institiúideacha agus neamhinstitiúideacha staidrimh Eorpaigh, táirgeoirí (ISNanna agus údaráis náisiúnta eile), freagróirí suirbhé (gnólachtaí agus teaghlaigh) agus an pobal i gcoitinne. Bhí na nithe seo a leanas i gceist leis an gcomhairliúchán fairsing le catagóirí éagsúla páirtithe leasmhara, rud ar cuireadh tús leis sa bhliain 2014 agus ar leanadh ar aghaidh leis sa bhliain 2015:

– comhdháil úsáideoirí staidrimh Eorpaigh agus páirtithe leasmhara;

– comhairliúchán le hArd-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin;

– comhairliúchán le táirgeoirí/le ISNanna; agus

– comhairliúchán poiblí inar díríodh ar athruithe sa timpeallacht fhoriomlán a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar thosaíochtaí an chláir staidrimh Eorpaigh 2018-2020 agus ar an tionchar a bheadh ag na roghanna éagsúla.

Ina theannta sin, chuaigh an Coimisiún i ndáil chomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Staidreamh Eorpach ag céim luath d'ullmhú an chláir staidrimh Eorpaigh[7] agus lean sé léi ar bhonn leanúnach. Déanann an Coiste sin ionadaíocht ar úsáideoirí agus ar fhreagróirí ar leibhéal Eorpach agus tá baill an choiste ina saineolaithe dea-bhunaithe i réimse an staidrimh. Leag an Coimisiún béim ar an ngá soiléir atá leis an ualach a laghdú ar fhreagróirí, le tráthúlacht a fheabhsú, le foinsí sonraí nua ó áiteanna lasmuigh de CSE a chur ar áireamh agus le hacmhainní leordhóthanacha a sholáthar i gcomhair beartais atá ag teacht chun cinn a mheas.

De bhreis ar na comhairliúcháin sheachtracha, rinne an Coimisiún measúnú inmheánach ar na riachtanais staidrimh atá aige. Chuir sé in iúl nach mbeadh laghdú ann ar na riachtanais sin sa tréimhse fadaithe 2018-2020. Bheadh sé riachtanach leibhéal reatha na faisnéise staidrimh atá ábhartha do bheartais a cheapadh agus d'anailís agus d'fhaireachán a dhéanamh orthu a choinneáil mar atá. Ba cheart bearnaí sonraí a líonadh, ba cheart riachtanais nua i roinnt réimsí beartais ar leith a chumhdach agus ba cheart sonraí níos tráthúla agus tuilleadh miondealuithe geografacha a sholáthar. Sa chuid is mó de chásanna, baineann na riachtanais nua leis na 10 dtosaíocht pholaitiúla a leagtar amach i dtreoirlínte polaitiúla an Choimisiúin don tréimhse 2014-2019. Ina theannta sin, tá gá ann le húsáid a bhaint as foinsí nua sonraí (e.g. 'mórshonraí') ar bhealach níos éifeachtaí, rud a d'fhéadfadh gnóthachain éifeachtúlachta

[7] Mar a cheanglaítear le Cinneadh Uimh. 234/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 91/116/CEE ón gComhairle (IO L 73, 15.3.2008, lch. 13).

a chruthú san fhadtéarma. Tá an staidreamh sóisialta (lena n-áirítear imirce, sláinte agus inscne) agus an staidreamh gnó ar na réimsí sonracha atá le forbairt. Mar thoradh ar athruithe i ndearadh na margaí Eorpacha fuinnimh, is gá staidreamh fuinnimh a chuíchóiriú le go soláthrófar sonraí atá tráthúil agus inchomparáide agus sách mionsonraithe i gcomhthéacs na mbeartas um an aontas fuinnimh agus um an aeráid.

Léiríodh éagsúlacht bhunúsach san anailís ar an aiseolas a fuarthas ó na grúpaí éagsúla páirtithe leasmhara:

– iarrann úsáideoirí táirgí staidrimh ar an gcaighdeán is airde is féidir ó thaobh ábharthachta, tráthúlachta, cumhdaigh agus inchomparáideachta de, i measc nithe eile; cé gurb amhlaidh

– gur gá do tháirgeoirí dul i ngleic le roinnt dúshlán chun freastal ar an éileamh de bharr na n-acmhainní ganna atá acu.

Luaigh gach ceann de na grúpaí go bhfuil gá ann le próisis táirgthe staidrimh a nuachóiriú tuilleadh.

Rinneadh grinnstaidéar ar thorthaí na gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus cuireadh san áireamh iad san anailís a rinneadh ar na roghanna beartais i gcomhthéacs an mheasúnaithe tionchair. Bheadh an tionchar ba mhó ag an rogha tosaíochta beartais, mar a mholtar sa togra, ar an acmhainn atá chun sonraí a tháirgeadh níos tapa. Is riachtanas é sin le freastal ar riachtanais bhunúsacha na n-úsáideoirí. Áirítear leis an togra bearta nua chun feabhas a chur ar ábharthacht agus ar thráthúlacht an staidrimh shóisialta agus fuinnimh agus ar an leas a bhaintear as foinsí nua sonraí, lena n-áirítear 'mórshonraí'. Tá béim ann ar thionscadail nuachóirithe chun solúbthacht na gcóras táirgthe staidrimh a fheabhsú agus laghdú a dhéanamh ar na costais fhadtéarmacha do tháirgeoirí agus ar an ualach riaracháin ar fhreagróirí.

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

Neamhbhainteach

- **Measúnú tionchair**

Rinneadh measúnú tionchair[8] i gcomhair an togra seo. D'eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach an 18 Márta 2016 ar an tuarascáil ar an measúnú tionchair.

Ós rud é gur ceanglas faoi Airteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 é clár staidrimh Eorpach ilbhliantúil a bhunú, níor scrúdaíodh sa mheasúnú tionchair cé acu ba cheart nó nár cheart an clár staidrimh Eorpach a fhadú. Ina ionad sin, scrúdaíodh ann an bealach is fearr chun é a fhadú. Ós rud é go bhfadaítear an clár staidrimh Eorpach reatha (2013-2017) leis an togra, tugadh na cuspóirí sonracha reatha seo a leanas ar aghaidh don tréimhse 2018-2020:

– Cuspóir 1: Faisnéis staidrimh ardcháilíochta a sholáthar, rud a theastaíonn chun tacú le forbairt, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar bheartais AE agus chun freastal ar na riachtanais atá ag raon leathan úsáideoirí.

[8] Doiciméad Oibre Fhoireann an Choimisiúin. An Measúnú Tionchair a ghabhann leis an Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 maidir leis an gclár staidrimh Eorpach 2013-17, trí é a fhadú go 2018-2020.

– Cuspóir 2: Modhanna táirgthe nua a chur chun feidhme maidir le staidreamh Eorpach d'fhonn gnóthachain éifeachtúlachta agus feabhsúcháin cháilíochta a bhaint amach.

– Cuspóir 3: An chomhpháirtíocht laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach agus lasmuigh de a neartú chun feabhas breise a chur ar a tháirgiúlacht agus ar an ról atá aige ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir le staidreamh oifigiúil.

Breithníodh na roghanna beartais seo a leanas:

*Rogha 1: An clár staidrimh Eorpach (2013-2017) céanna a fhadú go 2018-2020 (cás bunlíne)*

Glacadh an rogha seo mar chás bunlíne a bhféadfaí na roghanna eile a chur i gcomparáid léi. Níl sé i gceist léi athrú ar bith a dhéanamh ar an staidreamh a bheartaítear (cuspóir 1), ar an gcreat i gcomhair an bonneagar staidrimh a oiriúnú (cuspóir 2) ná ar chomhpháirtíochtaí (cuspóir 3).

*Rogha 2: An clár staidrimh Eorpach reatha a fhadú maille le hoiriúnuithe*

Is éard atá i gceist leis an rogha seo clár do 2018-2020 a mbeadh struchtúr an chláir reatha aige, agus aird á tabhairt ar na bealaí a d'fhéadfaí leas a bhaint as an acmhainneacht atá ag 'mórshonraí' maidir le staidreamh a tháirgeadh, ar Fhís 2020 CSE agus ar na riachtanais nua atá ag úsáideoirí.

Bheadh athruithe in inneachar agus i mbuiséad an chláir i gceist leis an rogha seo. Is féidir a mheas, go pointe éigin, go n-athraítear an raon feidhme leis an rogha freisin, go háirithe trí athbheartú féideartha tosaíochta a dhéanamh ar aschuir reatha staidrimh.

*Rogha 2a: An clár staidrimh Eorpach reatha a leasú agus an buiséad bliantúil a laghdú*

Breithníodh an rogha seo ar dtús ach caitheadh amach í go luath mar nach dtugtar aghaidh go leordhóthanach léi ar na fadhbanna a sainaithníodh. Is éard a bheadh i gceist leis an rogha laghdú ollmhór a dhéanamh ar an uaillmhian maidir leis an gcuspóir mionsonraithe um 'staidreamh ilchuspóireach agus gnóthachain éifeachtúlachta', go háirithe i dtaca le 'foinsí nua sonraí' (gan aon infheistíocht i 'mórshonraí') agus bheadh tionchar díobhálach aici ar thráthúlacht agus ábharthacht na sonraí.

Bunaithe ar an gcomhairliúchán leis na ISNanna, bhí sé soiléir nach n-éireodh leis an rogha seo ceanglais chuspóir 2 a chomhlíonadh i gcás na mBallstát go léir. I roinnt tíortha, is féidir nach dtabharfar faoi aon tionscadal nuachóirithe ar bith. Ós rud é go mbíonn gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme Fhís 2020 CSE ag brath ar chistiú CSE, bheadh na gníomhaíochtaí sin i bhfíorchontúirt mura gcuirfí tacaíocht bhuiséadach leordhóthanach ar fáil. Leagadh béim ar an gcostas a bhaineann le 'mórshonraí' (bonneagar TF, scileanna níos sofaisticiúla TF, staidrimh agus eile) agus ar fhorbairtí sonraí oscailte.

*Rogha 2b: Clár leasaithe, lena n-áirítear aschuir fheabhsaithe staidrimh chun táirgeadh staidrimh a ailíniú leis na 10 dtosaíocht pholaitiúla atá ag an gCoimisiún, arna chothromú le hathbheartú láidir tosaíochta (buiséad bliantúil atá cothrom le buiséad bliantúil an chláir staidrimh Eorpaigh reatha)*

Is éard a bheadh i gceist leis an rogha seo athbheartú suntasach tosaíochta a dhéanamh ar aschuir reatha staidrimh chun cabhrú le feabhas a chur ar staidreamh (maidir lena thráthúlacht go háirithe) i gcomhréir leis na riachtanais is práinní atá ag úsáideoirí, go háirithe na

riachtanais sin a bhaineann le staidreamh ar an neamhionannas, ar an mbochtaineacht agus ar dhíth ábhartha, ar fhuinneamh agus ar an gcomhshaol. D'fhonn spás a chruthú do na gníomhaíochtaí nua, bheadh sé riachtanach laghdú suntasach a dhéanamh ar roinnt próiseas reatha bailithe sonraí ó thaobh raon feidhme agus cumhdaigh de (laghdú ar fhaisnéis, ar mhiondealuithe geografacha nó ar thréimhsiúlacht). Bheadh laghduithe féideartha ar aschuir reatha bunaithe ar anailís ar na costais agus ar na fiúntais choibhneasta a bhaineann leis an staidreamh sin.

*Rogha 2c: Clár leasaithe, lena n-áirítear aschuir nua staidrimh chun táirgeadh staidrimh a ailíniú leis na 10 dtosaíocht pholaitiúla atá ag an gCoimisiún, arna chomhlánú le mórthionscnaimh arb é is aidhm dóibh an t-ualach ar fhreagróirí agus na costais do ISNanna a laghdú agus le buiséad bliantúil méadaithe*

D'áireofaí leis an rogha seo na haschuir nua nó fheabhsaithe staidrimh seo a leanas (cuspóir 1) de bhreis ar aschuir reatha an chláir reatha, agus na riachtanais nua atá ag úsáideoirí á gcur san áireamh:

– feabhas a chur ar thráthúlacht na sonraí faoin neamhionannas, faoin mbochtaineacht agus faoi dhíth ábhartha i measc mhuintir na hEorpa (meastacháin shealadacha ar áireamh);

– tuilleadh staidrimh agus staidreamh níos tráthúla a tháirgeadh faoi fhuinneamh (éifeachtúlacht, slándáil, foinsí in-athnuaite, tomhaltas, praghsanna, etc.);

– feabhas a chur ar cháilíocht agus ar thráthúlacht na sonraí comhshaoil chun tacú leis an mbeartas um an athrú aeráide agus leis an ngeilleagar ciorclach;

– dul chun cinn a thomhas ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe;

– tacú leis na nithe a bhrúnn an t-athrú teicneolaíochta agus an ríomhthráchtáil chun cinn;

– réamh-mheastacháin bhliantúla daonra a fheabhsú;

– méadú a dhéanamh ar an staidreamh ar phraghsanna tithe;

– méadú a dhéanamh ar chumhdach an staidrimh ar an earnáil seirbhísí; agus

– an domhandú a thomhas.

D'áireofaí leis an rogha freisin infheistíochtaí nua sa bhonneagar staidrimh faoi chuspóir 2. Dhíreofaí an infheistíocht sin ar na nithe seo:

– obair thaiscéalaíoch i gcomhair suirbhé sóisialta a dhéanfaidh AE amach anseo chun méadú mór a dhéanamh ar sholúbthacht na dtáscairí sóisialta d'fhonn freagairtí níos tráthúla a thabhairt do na riachtanais nua atá ag úsáideoirí;

– staidreamh ar éileamh agus scaipeadh mar sheirbhís: na hinniúlachtaí a fhorbairt i gcomhair níos mó seirbhísí agus táirgí anailísíochta sonraí níos fearr a sholáthar chun taca a chur faoi bheartais AE, iad a cheapadh agus faireachán a dhéanamh orthu, go háirithe sna réimsí seo: an t-iomaíochas, an geilleagar ciorclach, an beartas talmhaíochta agus bia, agus forbairt réigiúnach;

– nuachóiriú, lena n-áirítear úsáid a bhaint as foinsí nua: leas a bhaint as an acmhainneacht a bhaineann le forbairtí digiteacha, go háirithe maidir le glacadh foinsí nua sonraí ('mórshonraí', 'Idirlíon na rudaí nithiúla'); agus

– tionscadail bhonneagair bhunúsaigh agus treoirthionscadail i gcomhair nuachóiriú: an bonneagar staidrimh Eorpach a neartú trí thionscadail lena ndéantar forbairt ar thaithí an chórais Eorpaigh um chláir idir-inoibritheacha ghnó staidrimh (clár EuroGroups) agus ar an mol daonáirimh. Uirlisí nua modheolaíochta agus TF a fhorbairt agus a chomhroinnt i measc údaráis staidrimh agus a chinntiú go mbaintear úsáid níos leithne as sonraí riaracháin agus as teicnící nasctha sonraí.

*Rogha 3: Dhá chlár ar leith*

Tá an rogha seo cosúil le Rogha 2b maidir lena cuspóirí agus leis an obair atá beartaithe ina leith, ach dírítear léi ar bhealaí difriúla chun an obair a bhainistiú, is é sin, trí bhíthin dhá chlár dhifriúla. Ní thabharfaí aghaidh ar nuachóiriú ach le ceann amháin de na cláir sin:

– an clár staidrimh Eorpach reatha a fhadú go 2018-2020 agus é a ailíniú le hamlíne an chreata airgeadais ilbhliantúil, gan aon ghnéithe nuachóirithe a chur ar áireamh ann (cuspóir 2 den chlár reatha);

– clár ar leith lena ndíreofaí ar an mbonneagar staidrimh Eorpach a nuachóiriú agus a fhorbairt, ar clár é a mbeadh a inneachar ag teacht le cuspóir 2 faoi rogha 2b. Ní féidir amlíne dhifriúil a shocrú don dara clár seo (e.g. tar éis na bliana 2020) toisc gur leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (a rachaidh as feidhm sa bhliain 2020) a shocraítear an amlíne sin.

*An rogha tosaíochta beartais*

Féachadh sa mheasúnú tionchair ar an tionchar a bheadh ag na roghanna ar na príomhghrúpaí páirtithe leasmhara ar bhonn critéar éagsúil. Ba ar bhonn tráthúlachta, ábharthachta agus comhchuibhithe a rinneadh measúnú ar an tionchar ar úsáideoirí agus ba ar bhonn laghduithe costais agus leibhéal an bhonneagair chomhroinnte a rinneadh anailís ar an tionchar ar tháirgeoirí staidrimh. Ba é ualach laghdaithe an príomhchritéar a cuireadh san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an tionchar ar fhreagróirí. Rinneadh anailís ar an tionchar ar an mbuiséad AE do gach ceann de na roghanna freisin.

Ba í rogha 2c a tháinig chun cinn mar rogha tosaíochta beartais ón anailís ilchritéar. Ba ag an rogha sin a bheadh an tionchar ba dhearfaí ar thráthúlacht, agus bheadh gníomhaíochtaí nua i gceist léi lena ndíreofaí ar thráthúlacht ní b'fhearr le haghaidh staidreamh ar an neamhionannas, ar an mbochtaineacht agus ar an díth ábhartha agus le haghaidh sonraí fuinnimh agus comhshaoil. Táthar ag súil leis go gcuirfí feabhas suntasach leis an rogha seo ar ábharthacht an staidrimh do lucht déanta beartas agus go mbeadh na nithe seo i gceist léi freisin: infheistíocht i réimsí nua, athbheartú tosaíochta, gníomhaíocht chun acmhainn a mhéadú ar mhaithe le tuilleadh seirbhísí agus táirgí, agus seirbhísí agus táirgí níos fearr, a sholáthar (e.g. staidreamh ar éileamh), agus scaipeadh níos fearr staidrimh.

Maidir le táirgeoirí, cuirfear ar a gcumas le rogha 2c na ceanglais nua atá orthu faoi chuspóirí 1 agus 2 a chomhlíonadh trí bhuiséad an chláir staidrimh Eorpaigh a mhéadú, mar atá iarrtha ag na príomhpháirtithe leasmhara cheana féin. Soláthrófar sciar suntasach den bhuiséad breise trí na Ballstáit i bhfoirm deontas, rud a chumasóidh dóibh a gcórais táirgthe a nuachóiriú tuilleadh agus leas a bhaint as foinsí nua sonraí.

Táthar ag súil leis go ndéanfar le rogha 2c an t-ualach foriomlán freagartha atá ar ghnólachtaí agus ar shaoránaigh a laghdú arís eile. Mar sin féin, ní thiocfaidh formhór na n-éifeachtaí sin chun cinn ach amháin sa mheántéarma toisc go gcuirfear úsáid na bhfoinsí nua sonraí chun feidhme de réir a chéile agus go mbeidh siad faoi réir dálaí áitiúla sna Ballstáit.

Dá saothrófaí an rogha tosaíochta beartais, bheadh gá ann le méadú a dhéanamh ar an mbuiséad oibriúcháin arna dheonú don chlár staidrimh Eorpach don tréimhse 2018-2020. Thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú tionchair go mbeadh infheistíocht bhreise ag teastáil chun aschuir nua staidrimh agus sonraí ní ba thráthúla, mar atá iarrtha ag úsáideoirí, a chinntiú gan deireadh a chur le cineálacha eile an-ábhartha staidrimh. Ina theannta sin, beidh infheistíochtaí breise sa bhonneagar staidrimh (sna Ballstáit agus in Eurostat araon) ag teastáil chun úsáid foinsí nua sonraí a éascú le haghaidh faisnéis staidrimh atá curtha in oiriúint do riachtanais úsáideoirí a tháirgeadh, rud a laghdóidh costais riaracháin agus an t-ualach freagartha.

*Tionchair eile*

Is indíreach a bheidh tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil an togra. Maidir leis an ngeilleagar, cruthófar leis an tionscnamh bonn fianaise staidrimh níos éifeachtúla (e.g. ar an domhandú, ar an earnáil seirbhísí, ar an nuálaíocht) do bheartais a chuireann le fás eacnamaíoch a spreagadh agus a chomhdhlúthú. Chomh maith leis sin, feabhsófar leis an togra an acmhainn atá chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar sóisialta a bheidh ag cinntí beartais eacnamaíoch. Ábhair spéise ar leith a bheidh sna tionchair a bheidh ann ar rátaí fostaíochta agus dífhostaíochta, ar threochtaí bochtaineachta agus ar an margadh saothair i gcoitinne. Má chuirtear feabhas ar thráthúlacht táscairí sóisialta, taobh leis na táscairí maicreacnamaíocha atá ann cheana, beifear in ann anailís níos comhtháite agus níos éifeachtúla a dhéanamh ar chinntí. Maidir leis an gcomhshaol, éascófar leis an togra beartais a chuireann le fás inbhuanaithe trí staidreamh níos fearr fuinnimh agus comhshaoil a sholáthar.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ós rud é gur tionscnamh cothrománach é an clár staidrimh Eorpach, níl sé ina chuid de Chlár an Choimisiúin um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT). Mar sin féin, tá trí thionscnamh seolta ag an gCoimisiún i réimsí sonracha an staidrimh talmhaíochta, an staidrimh shóisialta agus an staidrimh ghnó. Is é is aidhm dóibh na hiarrachtaí nuachóirithe atá beartaithe faoin tionscnamh reatha a chomhlánú trí shimpliú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar na rialacháin ilroinnte maidir le staidreamh talmhaíochta, le suirbhéanna sóisialta ar dhaoine agus ar theaghlaigh agus le staidreamh gnó. Is é is aidhm dóibh freisin próisis bailithe sonraí a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos solúbtha do fhreagróirí agus an t-ualach a ghabhann leo a laghdú. Mar sin féin, ní bheifear in ann na tionscnaimh sin a chur chun feidhme ach amháin idir an meántéarma agus an fadtéarma agus beidh siad fós ar siúl tar éis fhráma ama an chláir fhadaithe.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é an méid iomlán a iomprófar leis an mbuiséad AE i leith an clár a fhadú (2018-2020) EUR 218.1 milliún (de réir praghsanna reatha).

Tá impleachtaí buiséadacha mionsonraithe leagtha amach sa ráiteas airgeadais reachtach.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Faoin Airteagal 15(3) athbhreithnithe, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta chríochnaitheach maidir le cur chun feidhme an chláir faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2021, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste CSE agus leis an gCoiste Comhairleach um Staidreamh Eorpach. Cuirfear an tuarascáil mheastóireachta sin i gcrích de réir treoirlínte ón gCoimisiún.

Ar bhonn na taithí ar an meastóireacht mheántéarmach ar an gclár staidrimh Eorpach 2013-2017, thosaigh Eurostat ar ghníomhaíochtaí an chláir oibre bhliantúil a nascadh leis an 114 tháscaire atá sa chlár staidrimh Eorpach. Ní hé amháin go n-éascóidh an obair sin meastóireachtaí amach anseo, ach cumasóidh sí faireachán bliantúil uathoibríoch ar cé acu a bhíonn nó nach mbíonn gach ceann de na táscairí atá sa chlár staidrimh Eorpach á mbaint amach freisin.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach

- **Míniú mionsonraithe ar na forálacha atá beartaithe**

Leasaítear leis an togra an clár staidrimh Eorpach 2013-2017 trí aschuir nua staidrimh a chur ar áireamh chun táirgeadh staidrimh a ailíniú leis na 10 dtosaíocht pholaitiúla atá ag an gCoimisiún, ar aschuir iad a chomhlánaítear le tionscnaimh chun modhanna táirgthe staidrimh a nuachóiriú agus chun laghdú a dhéanamh ar an ualach ar fhreagróirí agus ar chostais do ISNanna.

2016/0265 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gclár staidrimh Eorpach 2013-17, trí é a fhadú go 2018-2020**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE agus leis an Eilvéis)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá fianaise iontaofa ábhartha atá bunaithe ar staidreamh Eorpach fíor-riachtanach chun dul chun cinn bheartais agus chláir an Aontais a thomhas agus chun meastóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtúlacht, go háirithe i gcomhthéacs na straitéise Eoraip 2020 agus an Chláir Oibre i ndáil le poist, fás, cothromaíocht agus athrú daonlathach.

(2) Faoi Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], soláthrófar leis an gclár staidrimh Eorpach an creat chun staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh, agus leagfar amach ann príomhréimsí agus cuspóirí na ngníomhaíochtaí atá beartaithe ar feadh tréimhse a chomhfhreagraíonn do thréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil.

1 IO C […], […], lch. […].
2 IO C […], […], lch. […].
3 Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndacht staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

(3) Cé go mbeidh an creat airgeadais ilbhliantúil i bhfeidhm go dtí an bhliain 2020, ní chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] ach an tréimhse ó 2013 go 2017 amháin. Dá bhrí sin, ba cheart é a leasú chun an clár staidrimh Eorpach a fhadú go 2020.

(4) I gcomhthéacs Rialáil Níos Fearr, ba cheart tosú ar bheartais an Aontais a dhearadh, agus faireachán a dhéanamh orthu, bunaithe ar fhianaise láidir. Tá ról ar leith le himirt ag staidreamh Eorpach ina leith sin agus is féidir iad a úsáid chun fíordhifríocht a dhéanamh, go háirithe sna réimsí beartais sin inar gá beartais a bheith freagrúil chun go n-éireoidh leo.

(5) Dá bhrí sin, tá staidreamh níos fearr ag teastáil chun torthaí níos fearr a bhaint amach agus chun rannchuidiú a dhéanamh maidir le hEoraip níos fearr a chruthú. Mar sin, ba cheart iarrachtaí méadaithe a dhéanamh ar infheistíochtaí a spreagadh i staidreamh oifigiúil ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal náisiúnta araon. Má dhéantar amhlaidh, ba cheart go soláthrófaí leis an staidreamh sin treoir i réimsí tosaíochta beartais agus treoir maidir le fothú acmhainní, i dteannta na treorach atá ann cheana féin agus an athbheartaithe tosaíochta atá ar siúl. Rud ba shonraí fós, ba cheart beart a dhéanamh chun dul i ngleic leis na bearnaí is práinne staidrimh, chun tráthúlacht a mhéadú agus chun tacú le tosaíochtaí polaitiúla agus le comhordú beartais eacnamaíoch tríd an Seimeastar Eorpach. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún (Eurostat) réamh-mheastacháin nua daonra a sholáthar i ndlúthchomhar leis na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta ar mhaithe le nuashonrú a dhéanamh ar an anailís ar na himpleachtaí eacnamaíocha agus buiséadacha a bheidh ag aosú an phobail.

(6) Cuntais thurgnamhacha éiceachórais agus staidreamh ar an athrú aeráide, lena n-áirítear staidreamh atá ábhartha d'oiriúnú don athrú aeráide agus do 'loirg' chomhshaoil, ba cheart iad a fhorbairt tuilleadh, go háirithe chun tacú le Comhaontú Pháras 2015 agus le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun feidhme. Maidir leis an Aontas Fuinnimh Eorpach agus le Creat 2030 i gcomhair beartais aeráide agus fuinnimh, arb é an aidhm atá leis geilleagar agus córas fuinnimh an Aontais a dhéanamh níos iomaíche, níos daingne agus níos inbhuanaithe, beidh sé riachtanach staidreamh nua a sholáthar ar thomhaltas fuinnimh, ar éifeachtúlacht fuinnimh, ar chineálacha fuinnimh in-athnuaite, ar spleáchas fuinnimh agus ar shlándáil an tsoláthair.

(7) Má fhadaítear tréimhse feidhme an chláir, beidh deis ann athruithe a dhéanamh air agus na treoshuíomhanna nua a léiriú chun na cuspóirí reatha agus an t-athbheartú tosaíochta atá ar siúl a chomhlánú.

(8) Ba cheart go dtacódh méadú cuí ar an mbuiséad le haghaidh staidrimh ar leibhéal AE leis na hathruithe sin ar an gclár agus ba cheart go soláthródh sé luach breise suntasach agus torthaí suntasacha trí thionscadail mhórscála, trí éifeachtaí giarála struchtúraí agus trí bharainneachtaí scála a bheadh chun tairbhe na gcóras staidrimh ar fud na mBallstát.

(9) Bunaítear leis an Rialachán seo clúdach airgeadais le haghaidh an clár staidrimh Eorpach a fhadú chun na blianta 2018 go 2020 a chumhdach. Beidh sé sin ina mhéid príomhthagartha, de réir bhrí phointe 17 den Chomhaontú Idirinstitiúideach idir

[4] Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir leis an gclár staidrimh Eorpach 2013-17 (IO L 39, 9.2.2013, lch. 12).

Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún[5], le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

(10) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, is é sin, an clár staidrimh Eorpach a fhadú chun na blianta 2018 go 2020 a chumhdach, a ghnóthú go leordhóthanach ina n-aonar agus gur fearr, dá bhrí sin, é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(11) I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, cuireadh an dréacht-togra le haghaidh an clár staidrimh Eorpach a fhadú go dtí an tréimhse 2018 go 2020 faoi bhráid an Choiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, an Choiste Comhairligh um Staidreamh Eorpach a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 234/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] agus an Choiste maidir le Staitisticí Airgeadaíochta, Airgeadais agus Staitisticí a bhaineann le Comhardú na nÍocaíochtaí a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 2006/856/CE ón gComhairle, le go ndéanfaí réamhscrúdú air.[7]

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 1, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘Fadófar an clár chun an tréimhse 2018 go 2020 a chumhdach.’

(2) In Airteagal 7(1), cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘Is é EUR 218.1 milliún a bheidh i gclúdach airgeadais an Aontais chun an clár seo a chur chun feidhme don tréimhse 2018 go 2020, arna chumhdach leis an gclárthréimhse 2014 go 2020.’

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

‘Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

1. Glacfaidh an Coimisiún bearta cuí chun a áirithiú, i gcás ina gcuirfear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go ndéanfar

---

[5] Comhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i gcúrsaí buiséid agus le bainistíocht fhónta airgeadais (IO C 373, 20.12.2013, lch. 1).

[6] Rialachán Uimh. 234/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 91/116/CEE ón gComhairle (IO L 73, 15.3.2008, lch. 13).

[7] Cinneadh 2006/856/CE ón gComhairle an 13 Samhain 2006 lena mbunaítear Coiste maidir le staitisticí airgeadaíochta, airgeadais agus staitisticí a bhaineann le comhardú na n-íocaíochtaí (IO L 332, 30.11.2006, lch. 21).

leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta coisctheacha a chur chun feidhme i gcoinne na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile trí sheiceálacha comhsheasmhacha éifeachtacha agus, má thugtar neamhrialtachtaí faoi deara, trí na méideanna a íocadh go mícheart a ghnóthú agus, nuair is cuí, trí phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus bhactha riaracháin agus airgeadais a chur i bhfeidhm.

2. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún agus ag an gCúirt Iniúchóirí nó ag a gcuid ionadaithe iniúchadh a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus seiceálacha ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, conraitheoir, fochonraitheoir agus tríú páirtí a fuair cistí ón Aontas, go díreach nó go hindíreach, faoin gClár.

3. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a mbaineann cistiú den sórt sin go díreach nó go hindíreach leo, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] agus i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[9] d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanfadh difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó le cinneadh deontais nó le conradh arna gcistiú, go díreach nó go hindíreach, faoi chuimsiú an Rialacháin seo.

4. Maidir le comhaontuithe comhair atá i bhfeidhm le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le comhaontuithe deontais, le cinntí deontais agus le conarthaí a thagann as cur chun feidhme an Rialacháin seo, tabharfar leo go sainráite de chumhacht don Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus do OLAF iniúchtaí, seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí den sórt sin a dhéanamh.

5. I gcás ina ndéantar cur chun feidhme gníomhaíochta ar leith a sheachfhoinsiú nó a fho-tharmligean, go hiomlán nó go páirteach, nó gur gá conradh soláthair a dhámhachtain nó tacaíocht airgeadais a thabhairt do thríú páirtí ina leith, luafar sa chonradh, sa chomhaontú deontais nó sa chinneadh deontais an oibleagáid atá ar an gconraitheoir nó ar an tairbhí ceangal a chur ar aon tríú páirtí lena mbaineann glacadh go sainráite leis na cumhachtaí sin de chuid an Choimisiúin, na Cúirte Iniúchóirí agus OLAF.

6. Beidh feidhm ag míreanna 4 agus 5 gan dochar do mhíreanna 1, 2 agus 3.'

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15(3):

'Faoin 31 Nollaig 2021, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste CSE agus leis an gCoiste Comhairleach um Staidreamh Eorpach, tuarascáil mheastóireachta chríochnaitheach maidir le cur chun feidhme an chláir a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.'

(5) Leasaítear an Iarscríbhinn mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

[8] IO L 248, 18.9.2013, lch. 1.
[9] IO L 292, 15.11.1996, lch. 2.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh sé infheidhme ón 1 Eanáir 2018.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. CREAT AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

### 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

### 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 maidir leis an gclár staidrimh Eorpach 2013-17, trí é a fhadú go 2018-2020

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[1]

29 Staidreamh (29 01 – Tacaíocht riaracháin do réimse beartais an 'Staidrimh'; 29 02 – an clár staidrimh Eorpach)

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[2]

☒ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh **le beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

#### *1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

Tá an togra ag teacht le tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh toisc go ndéanfar leis an staidreamh a fhorbrófar, a tháirgfear agus a scaipfear faoin gclár staidrimh Eorpach rannchuidiú maidir le cur chun feidhme bheartais AE, amhail an straitéis Eoraip 2020 don 'fhás cliste, inbhuanaithe, cuimsitheach' agus le cur chun feidhme beartas eile a dtugtar aghaidh orthu i 10 réimse tosaíochta an Choimisiúin don tréimhse 2014-2019 (Clár oibre i ndáil le poist, fás, cothromaíocht agus athrú daonlathach).

#### *1.4.2. Cuspóirí sonracha agus gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

Cuspóirí sonracha 1 agus 4:

Faisnéis staidrimh a sholáthar go tráthúil chun tacú le forbairt, le faireachán agus le meastóireacht a dhéanamh ar bheartais an Aontais ar bhealach a léiríonn tosaíochtaí i gceart, agus cóimheá á coinneáil idir réimsí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil agus freastal á dhéanamh ar riachtanais an raoin leathain úsáideoirí staidrimh Eorpaigh, lena n-áirítear cinnteoirí eile, taighdeoirí, gnólachtaí agus saoránaigh

[1] ABM: bainistiú de réir gníomhaíochtaí; ABB: bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí.
[2] Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Eorpacha i gcoitinne, ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de agus gan dúbailt iarrachta nach gá.

An soláthar comhsheasmhach staidrimh a chinntiú le linn thréimhse feidhme an chláir, fad nach gcuirfidh an méid sin isteach ar shásraí socraithe tosaíochtaí an Chórais Staidrimh Eorpaigh.

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

3403 — Faisnéis staidrimh a tháirgeadh

Cuspóir sonrach 2:

Modhanna táirgthe nua a chur chun feidhme maidir le staidreamh Eorpach d'fhonn gnóthachain éifeachtúlachta agus feabhsúcháin cháilíochta a bhaint amach.

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

3403 — Faisnéis staidrimh a tháirgeadh;
3480 — Tacaíocht riaracháin do Eurostat;
3481 — Straitéis beartais agus comhordú Eurostat

Cuspóir sonrach 3:

An chomhpháirtíocht laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach agus lasmuigh de a neartú chun feabhas breise a chur ar a tháirgiúlacht agus ar an ról atá aige ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir le staidreamh oifigiúil

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

3481 — Straitéis beartais agus comhordú Eurostat

Tá cuspóirí níos mionsonraithe tugtha sna cláir oibre staidrimh bhliantúla ón gCoimisiún.

*1.4.3. Na torthaí agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Is é an aidhm atá leis an tionscnamh seo an creat reachtach a bhunú i gcomhair an chláir staidrimh Eorpaigh ar feadh thréimhse feidhme an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an tacaíocht airgeadais a theastaíonn uaidh a sholáthar do CSE chun é a chumasú na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- faisnéis staidrimh ardcháilíochta a sholáthar d'úsáideoirí agus na príomhbhearnaí staidrimh ar gá aghaidh a thabhairt orthu go práinneach a dhúnadh, agus é ag díriú ar roinnt réimsí tosaíochta a léiríonn na 10 dtosaíocht pholaitiúla atá ag an gCoimisiún;
- táirgeoirí staidrimh oifigiúil a chumasú forbairt a dhéanamh ar an acmhainn bhuan a theastaíonn chun freagairt níos tapa do riachtanais a bhíonn ag teacht chun cinn agus chun an bonneagar staidrimh a oiriúnú ionas gur féidir leo leas a bhaint as acmhainneacht na bhfoinsí nua sonraí;
- laghdú eile a dhéanamh ar an ualach ar fhreagróirí (gnólachtaí agus daoine aonair) trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht agus tháirgiúlacht CSE; agus
- an chomhpháirtíocht laistigh de CSE agus lasmuigh de a neartú chun an ról atá aige ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir le staidreamh oifigiúil a áirithiú.

*1.4.4. Táscairí lena léireofar toradh agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.*

Tá na heochairtháscairí feidhmíochta seo a leanas leagtha amach i ráiteas an chláir agus i bpleananna bainistíochta agus tugtar tuairisc orthu i dtuarascálacha gníomhaíochta bliantúla don chlár staidrimh Eorpach reatha (2013-2017). Úsáidfear an chuid is mó díobh freisin chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme fhadú an chláir go 2018-2020:

Táscairí maidir le tuairimí úsáideoirí (foinse: an suirbhé bliantúil ar shásamh úsáideoirí arna dhéanamh ag Eurostat):

1. An céatadán d'úsáideoirí atá den tuairim gur 'go han-mhaith' nó 'go maith' atá cáilíocht fhoriomlán na sonraí agus na seirbhísí arna soláthar ag Eurostat;
2. An céatadán d'úsáideoirí atá den tuairim gur 'go han-mhaith' nó 'go maith' atá cáilíocht fhoriomlán an staidrimh Eorpaigh.
3. An céatadán d'úsáideoirí atá den tuairim gur 'go han-mhaith' nó 'go maith' atá tráthúlacht an staidrimh Eorpaigh chun a gcríoch féin.
4. An céatadán d'úsáideoirí atá den tuairim gur 'go han-mhaith' nó 'go maith' atá inchomparáideacht an staidrimh Eorpaigh i measc réigiún agus tíortha.

Táscairí fíorasacha:

5. An líon asbhaintí sonraí (ina milliúin) atá déanta ag úsáideoirí seachtracha ó bhunachair shonraí phoiblí Eurostat trí shuíomh Gréasáin Eurostat (foinse: tuarascálacha faireacháin ar scaipeadh leictreonach sonraí Eurostat);

6. Poncúlacht sampla staidrimh: an meánlíon laethanta atá siad luath (dearfach) nó mall (diúltach) i gcomparáid leis an sprioc dhlíthiúil. Tógtar an sampla ó na príomhtháscairí eacnamaíocha Eorpacha (foinse: an tuarascáil bhliantúil stádais ar cheanglais faisnéise san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta ó Eurostat, mar a cuireadh faoi bhráid an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais í) mar aon le trádáil sheachtrach AE (foinse: Eurostat).

7. Fad amshraith an tsampla staidrimh (Táscairí Eorpacha — sraith ghníomhach – foinse: bunachar sonraí Eurostat).

Táscairí atá bunaithe ar fhéinmheasúnú (ceann amháin do gach cuspóir):

8. A mhéid atá gach cuspóir sonrach bainte amach, arna thomhas mar chéatadán de na gníomhaíochtaí/aschuir lena mbaineann atá bainte amach (foinse: faireachán a dhéantar dhá uair sa bhliain).

Ar mhaithe le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme fhadú an chláir go 2018-2020, déanfar na feabhsuithe seo a leanas:

Scriosfar ceann amháin de na táscairí maidir le “tuairimí úsáideoirí” (uimh. 1 go 4), atá bunaithe ar fhoinse uathúil agus nach mbaineann go haonchiallach le clár ná buiséad Eurostat (uimh. 2).

Cuirfear táscaire níos láidre in ionad tháscaire reatha uimh. 7 maidir le fad amshraith an tsampla staidrimh. Leis an táscaire nua, cumhdófar gach ceann de na réimsí staidrimh agus cuirfear san áireamh soláthar na sraithe “ionadaíche” do na hamshraitheanna a gcuirfear isteach orthu (mar shampla, mar gheall ar athrú sa mhodheolaíocht). Beidh baint láidir ag an táscaire nua le cuspóirí an chláir agus beidh tionchar díreach, nó tionchar suntasach, ag an mbuiséad AE air.

Tomhaisfear le táscaire eile an líon cineálacha difriúla “staidrimh” (i.e. táscairí, fotháscairí, miondealuithe, aonaid, etc.) a chuirtear ar fáil do na húsáideoirí (mar iomlán agus do na príomhréimsí staidrimh a ndéanfaidh fadú an chláir staidrimh Eorpaigh difear dóibh, e.g. staidreamh sóisialta agus comhshaoil). D’fhéadfaí an líon pointí sonraí/luachanna sonraí/figiúirí sonraí a chur ar fáil chun an táscaire sin a chomhlánú. Is é an phríomhdhifríocht idir an dá tháscaire go méadaítear an dara ceann gach uair a chuirtear figiúirí níos déanaí ar fáil. Ní mhéadaítear an chéad cheann ach amháin nuair a tháirgtear cineálacha nua staidrimh. Beidh baint láidir ag na táscairí nua sin le cuspóirí an chláir agus beidh tionchar díreach, nó tionchar suntasach, ag an mbuiséad AE orthu.

Déanfar anailís freisin ar an bhféidearthacht a bhaineann le táscaire maidir le tráthúlacht níos fearr a shainiú agus le gnáthamh TF a fhorbairt do thráthúlacht a ríomh bunaithe ar na sonraí a bhíonn ar fáil ar bhunachair shonraí phoiblí Eurostat. Más féidir táscaire den sórt sin a chur chun feidhme, cuirfear in ionad tháscaire reatha uimh. 3 é.

## 1.5. Foras an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Faoi Airteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, soláthrófar leis an gclár staidrimh Eorpach an creat chun staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh agus leagfar amach ann príomhréimsí agus cuspóirí na ngníomhaíochtaí atá beartaithe ar feadh tréimhse a chomhfhreagraíonn do thréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil. Le cláir staidrimh Eorpacha, leagtar síos tosaíochtaí maidir leis an bhfaisnéis a theastaíonn chun gníomhaíochtaí de chuid an Aontais Eorpaigh a chur i gcrích agus bunaítear an buiséad dá gcur chun feidhme. Toisc go rachaidh an clár staidrimh Eorpach reatha as feidhm sa bhliain 2017, ba cheart é a fhadú chun an tréimhse 2018-2020 a chumhdach.

Bíonn ardleibhéal éilimh ann ar staidreamh oifigiúil toisc go ndéantar é a tháirgeadh agus a scaipeadh i gcomhréir le prionsabail shonracha agus le critéir shonracha cháilíochta. Dá bhrí sin, gabhann luach breise d'úsáideoirí leo i gcomparáid le foinsí eile faisnéise. Is gá aghaidh a thabhairt ar roinnt bearnaí staidrimh, áfach, má táthar chun staidreamh a úsáid chun tacú ar bhealach níos fearr le beartais AE. Chomh maith leis sin, is gá an tráthúlacht a bhaineann le cineálacha áirithe staidrimh a fheabhsú mar ábhar práinne ar mhaithe leis an bhfaisnéis a theastaíonn do chleachtadh an tSeimeastair Eorpaigh a sholáthar. Tá ábharthacht an staidrimh Eorpaigh reatha á plé faoi láthair mar gheall ar an ngá atá le staidreamh de bharr na 10 dtosaíocht pholaitiúla atá ag an gCoimisiún agus de bharr chastacht mhéadaitheach na sochaithe araon.

Cé go bhfuil iarracht shuntasach déanta ag córais staidrimh náisiúnta ar a modhanna táirgthe a nuachóiriú le tacaíocht ón gclár staidrimh Eorpach 2013-2017, níl an bonneagar reatha táirgthe staidrimh sách solúbtha go fóill chun staidreamh nua a sholáthar nuair a bhíonn sé ag teastáil. Cuireann an méid sin srian ar an ualach gaolmhar costais agus riaracháin ag an am céanna. Mura méadaítear an leibhéal reatha infheistíochta, ní bheidh CSE in ann freastal ar an éileamh a bhíonn ag méadú ar staidreamh ná ar an ngá atá le staidreamh a chur ar fáil níos tapa.

Is iad úsáideoirí staidrimh (e.g. lucht déanta beartas, gnólachtaí, na meáin, taighdeoirí, agus an pobal i gcoitinne ar leibhéal AE agus náisiúnta), táirgeoirí staidrimh (institiúidí staidrimh náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile) agus freagróirí (teaghlaigh agus gnólachtaí) na páirtithe a mbeadh an tionchar ba dhírí ag an togra orthu.

*1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirtíocht AE*

Cé go mbailíonn na Ballstáit faisnéis staidrimh ar leibhéal náisiúnta, ba cheart dóibh déanamh amhlaidh de réir na bprionsabal comhchuibhithe céanna ionas go mbeidh sonraí ar leibhéal AE inchomparáide le chéile. Tá cur chuige comhordaithe maidir le staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh – mar a fhoráiltear dó sa chlár staidrimh Eorpach – ar an aon chur chuige amháin a chinntíonn gur sách comhleanúnach agus inchomparáide a bhíonn staidreamh atá ábhartha do réimsí gníomhaíochta AE. Chomh maith leis sin, dhéanfaí le gníomhaíocht ar leibhéal AE, mar atá beartaithe, rannchuidiú maidir le húsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní (de bharr barainneachtaí scála) agus thabharfaí leis an ngníomhaíocht sin tacaíocht

d'údaráis náisiúnta forbairt a dhéanamh ar a n-acmhainn ó thaobh comhchuibhithe agus modheolaíochtaí de.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile dá leithéid san am atá caite*

An mheastóireacht ar an gclár staidrimh Comhphobail 2008-2012, an mheastóireacht mheántéarmach ar an gclár staidrimh Eorpach 2013-2017 agus na meastóireachtaí críochnaitheacha ar an gclár um nuachóiriú ar staidreamh Eorpach a bhaineann le fiontraíocht agus trádáil (MEETS), rinneadh grinnanailís orthu go léir.

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht mheántéarmach ar an gclár staidrimh Eorpach 2013-2017 go bhfuil an clár curtha chun feidhme go maith den chuid is mó agus go bhfuil 17 gcinn de na 23 chuspóir mhionsonraithe ar an mbóthar ceart dá gcur i gcrích. Gabhann dea-luach breise AE leis an gclár staidrimh Eorpach; reáchtáiltear go héifeachtúil é; freagraítear do riachtanais úsáideoirí leis; agus tá sé ag teacht le cláir staidrimh eile. Mar shampla, tacaíonn an t-aistriú i dtreo modhanna nua chun staidreamh a tháirgeadh le cineálacha cur chuige a úsáidtear ar fud CSE. Cuireadh trí mholadh ar aghaidh sa mheastóireacht, agus é mar aidhm leo cur chun feidhme an chláir a threorú agus a bharrfheabhsú tuilleadh:

- aird ar leith a thabhairt ar na cuspóirí sin ar thángthas ar dheacrachtaí ina leith;
- dóthain acmhainní a áirithiú chun an leibhéal infheistíochta a theastaíonn chun táirgeadh an staidrimh Eorpaigh a nuachóiriú a choinneáil ar bun; agus
- aithint agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thionscadail ar leibhéal AE ar féidir leo luach breise AE a uasmhéadú.

*1.5.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh bheith ann*

Sainmhínítear le Cinneadh 2012/504/AE[3] ón gCoimisiún an ról atá ag Eurostat agus na freagrachtaí atá air laistigh d'eagrú inmheánach an Choimisiúin maidir le staidreamh a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh. Maidir le gníomhaíochtaí a phleanáil agus a chlárú i réimse an staidrimh, foráiltear le hAirteagal 5 den Chinneadh gur leis an gclár staidrimh Eorpach agus leis an gclár oibre bliantúil, mar a thagraítear dóibh in Airteagail 13 agus 17 faoi seach de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, a chinnfear gníomhaíochtaí a bhaineann le staidreamh Eorpach.

[3] Cinneadh 2012/504/AE ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2012 maidir le Eurostat (IO L 251, 18.9.2012, lch. 49).

## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais

☒ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**

– ☒ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2020

– ☒ Tionchar airgeadais ó 2018 go 2020 ar leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí agus ó 2018 go 2024 ar leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

☒ **Bainistíocht dhíreach** ag an gCoimisiún

– ☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ ag na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 208 agus 209 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraíonn siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme i CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

Ordaítear le hAirteagal 1(3) den Rialachán atá beartaithe go gcuirfidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta chríochnaitheach maidir le cur chun feidhme an chláir faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2021, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste CSE agus leis an gCoiste Comhairleach um Staidreamh Eorpach. Cuirfear an mheastóireacht i gcrích de réir treoirlínte ón gCoimisiún.

Ar bhonn na taithí ar an meastóireacht mheántéarmach ar an gclár staidrimh Eorpach 2013-2017, thosaigh an Coimisiún (Eurostat) ar ghníomhaíochtaí an chláir oibre bhliantúil a nascadh leis an 114 tháscaire atá sa chlár staidrimh Eorpach. Ní hé amháin go n-éascóidh an obair sin meastóireachtaí amach anseo, ach cumasóidh sí faireachán bliantúil uathoibríoch ar cé acu a bhíonn nó nach mbíonn gach ceann de na táscairí atá sa chlár staidrimh Eorpach á mbaint amach freisin. Is i roinn 1.5.3 thuas a chuirtear i láthair na ceachtanna sin a foghlaimíodh ó thaithí san am atá thart agus a cuireadh san áireamh nuair a bhí an togra á dhréachtú. Is i roinn 3 den Mheabhrán Míniúcháin a chuirtear i láthair torthaí na gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus torthaí an mheasúnaithe tionchair.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

#### *2.2.1. Na rioscaí a aithníodh*

Is é modh bainistíochta an chláir atá beartaithe bainistíocht dhíreach lárnach ag an gCoimisiún. Ó thaobh airgeadais de, cuirfear an clár chun feidhme trí chonarthaí a dhámhachtain, go háirithe i réimsí an staidrimh agus na seirbhísí TF, agus trí dheontais a sholáthar (go príomha d'údaráis staidrimh náisiúnta).

Ceadaítear le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 deontais a dhámhachtain go díreach d'údaráis den sórt sin. Maidir le deontais, ba le costais foirne a bhain ceann amháin de na príomhrioscaí a aithníodh; laghdaíodh an leibhéal riosca maidir le haisíoc costas foirne tríd an scéim um chostais aonaid a thabhairt isteach (Cinneadh C(2014) 6332 ón gCoimisiún).

Níor nochtadh in athbhreithnithe bliantúla cáilíochta ex-post aon saincheisteanna ábhartha ó thaobh soláthair de. Tugadh aghaidh ar bharúlacha ar eisigh feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí an Choimisiúin agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa iad sa bhliain 2011/2012. Ní dhearnadh aon iniúchtaí soláthair ó shin i leith. Níor aithin lucht bainistíochta Eurostat aon rioscaí suntasacha sa réimse sin.

#### *2.2.2. Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm*

Déanfar straitéis rialaithe Eurostat don tréimhse 2012-2017 a athbhreithniú agus a fhadú ionas go gcumhdófar léi fadú thréimhse an chláir staidrimh Eorpaigh go 2018-

2020. Beidh an straitéis bunaithe ar anailís riosca agus ar mheasúnú riosca a chuirfear i gcrích sula bhfadófar tréimhse an chláir.

Is iad na príomheilimintí den chóras rialaithe inmheánaigh faoi láthair an fíorú ex-ante a dhéantar ar na gnéithe oibríochtúla agus airgeadais de gach idirbheart airgeadais (dlíthiúlacht, rialtacht agus bainistíocht fhónta airgeadais) i gcomhréir le hAirteagal 66(5) den Rialachán Airgeadais. Beidh siad sin ar na príomheilimintí den chóras rialaithe amach anseo freisin. Cumhdaítear le rialuithe ex-ante an tsaolré caiteachais ar fad, idir dheontais agus sholáthar a phleanáil agus a chlárú agus íocaíochtaí a dhéanamh. Chuige sin, cuirfear rialuithe i bhfeidhm do gach idirbheart trí leas a bhaint as seicliostaí sonracha a mbainfidh gach gníomhaí sna ciorcaid airgeadais úsáid astu. Nuair is cuí, d'fhéadfadh go ndéanfaí anailísí breise riosca agus measúnuithe breise riosca ar bhonn na dtorthaí ar na rialuithe bliantúla. Nuair is cuí, d'fhéadfadh go gcuirfí fíoruithe athneartaithe ex-ante agus rialuithe athneartaithe ex-post i bhfeidhm freisin.

Chomh maith leis sin, cuirfidh maoirseacht, tuairisciú airgeadais agus feidhmíochtbhunaithe, iniúchadh agus meastóireacht atá cuí le cur chun feidhme bhuiséad an chláir i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais agus de réir na gceanglas maidir le dlíthiúlacht agus le rialtacht.

*2.2.3. Meastachán ar chostais agus ar shochair na rialuithe agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis*

Le straitéis rialaithe an chláir, meastar go gcoinneofar an riosca neamh-chomhlíonta faoi bhun an chritéir ábharthachta 2 %, rud atá ag luí leis na cuspóirí rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca atá sa phlean straitéiseach ó Eurostat don tréimhse 2016-2020. Meastar go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh (agus na costais a bhaineann leis) leordhóthanach chun an cuspóir sin a bhaint amach. Cinnteofar comhlántacht idir na foinsí urrúis sin ar mhaithe le dúbláil iarrachta a sheachaint agus ar mhaithe le rialuithe costéifeachtacha a chur i bhfeidhm. Measann Eurostat go mbeidh costais na rialuithe uile freagrach as thart ar 4.5 % de bhuiséad an chláir. I measc na dtairbhí a ghabhann le rialú (seachas comhlíonadh forálacha rialála), tá luach níos fearr ar airgead, éifeachtaí díspreagtha, gnóthachain éifeachtúlachta agus feabhsuithe córais.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.*

An 30 Deireadh Fómhair 2013, rinne Eurostat an Straitéis Frith-Chalaoise uaidh don tréimhse 2014-2017 a ghlacadh i gcomhréir le Straitéis Frith-Chalaoise an Choimisiúin an 24 Meitheamh 2011. Leagtar trí chuspóir oibríochtúla amach i Straitéis Eurostat, is iad sin:

i. comhpháirteanna reatha frithchalaoise a athneartú;

ii. comhpháirteanna frithchalaoise a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i measúnú/bainistiú riosca Eurostat agus in iniúchtaí agus in obair pleanála, tuairiscithe agus faireacháin; agus

iii. an acmhainn agus an fheasacht frithchalaoise atá ag Eurostat a neartú mar chuid de chultúr frithchalaoise an Choimisiúin.

Tá plean gníomhaíochta frithchalaoise ag gabháil leis an Straitéis. Déantar faireachán ar chur chun feidhme na Straitéise dhá uair sa bhliain thar thréimhse a cur i bhfeidhm agus tugtar tuairisc don lucht bainistíochta ina leith sin.

Déanfaidh Eurostat meastóireacht ar thionchar na Straitéise sa bhliain 2017 agus nuashonróidh sé dá réir sin í. Mar gharsprioc sa mheastóireacht ar an Straitéis, déanfaidh Eurostat athbhreithniú sa bhliain 2016 ar an bplean gníomhaíochta frithchalaoise uaidh.

Cuirfear na hathbhreithnithe ar an Straitéis agus ar an bplean gníomhaíochta i gcrích ar bhonn na modheolaíochta agus na treorach nuashonraithe arna n-eisiúint ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise i mí Feabhra 2016.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ceannteideal 1a<br>Iomaíochas don fhás agus do phoist | LD/LN[1] | ó thíortha CSTE[2] | ó thíortha is iarrthóirí[3] | ó thíortha nach bhfuil in AE | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | 29.02.01<br>An clár staidrimh Eorpach a fhadú go 2018-2020 – faisnéis staidrimh ardcháilíochta a sholáthar, modhanna nua chun staidreamh Eorpach a tháirgeadh a chur chun feidhme, agus an chomhpháirtíocht laistigh de CSE a neartú | LD | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |
| | 29.01.04.01<br>Caiteachas tacaíochta don chlár staidrimh Eorpach | LN | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |

1 LD = Leithreasaí difreáilte / LN = Leithreasaí neamhdhifreáilte
2 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
3 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

#### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir | Ceannteideal 1a<br>Iomaíochas don fhás agus do phoist |
|---|---|---|

| DG ESTAT | | | Bliain **2018**[1] | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2021 agus ina diaidh** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| **29.0201** | Gealltanais | (1) | 59.475 | 73.245 | 75.486 | | | | | **208.206** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 5.829 | 28.141 | 51.027 | 123.209 | | | | **208.206** |
| | Gealltanais | (1a) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | | | | |
| • Leithreasaí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach na gclár sonrach[2] | | | | | | | | | | |
| **29.010401** | | (3) | 3.230 | 3.313 | 3.397 | | | | | **9.940** |
| **IOMLÁN leithreasaí do DG ESTAT** | Gealltanais | =1+1a +3 | 62.705 | 76.558 | 78.883 | | | | | **218.146** |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3 | 9.059 | 31.454 | 54.424 | 123.209 | | | | **218.146** |

1 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

2 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí AE (seanlínte 'BA'), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 59.475 | 73.245 | 75.486 | | | | | **208.206** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 5.829 | 28.141 | 51.027 | 123.209 | | | | **208.206** |
| • IOMLÁN leithreasaí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach na gclár sonrach | | (6) | 3.230 | 3.313 | 3.397 | | | | | **9.940** |
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 1 DEN CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL** | Gealltanais | =4+ 6 | 62.705 | 76.558 | 78.883 | | | | | **218.146** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 9.059 | 31.454 | 54.424 | 123.209 | | | | **218.146** |

**<u>Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal amháin: NEAMHBHAINTEACH</u>**

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | | | | | | |
| • IOMLÁN leithreasaí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach na gclár sonrach | | (6) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDIL 1 go 4 DEN CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL** (méid tagartha) | Gealltanais | =4+ 6 | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | | | | | | | | |

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **5** | 'Caiteachas riaracháin' |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2018** | Bliain **2019** | Bliain **2020** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DG ESTAT | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | 88.904 | 87.148 | 85.392 | | | | | **261.444** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 3.290 | 3.290 | 3.290 | | | | | **9.870** |
| **IOMLÁN DG ESTAT** | Leithreasaí | 92.194 | 90.438 | 88.682 | | | | | **271.314** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 5 DEN CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL** | (Iomlán gealltanas = iomlán íocaíochtaí) | 92.194 | 90.438 | 88.682 | | | | | **271.314** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2018**[3] | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2021 agus ina diaidh** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5 DEN CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL** | Gealltanais | 154.899 | 166.996 | 167.565 | | | | | **489.460** |
| | Íocaíochtaí | 101.253 | 121.892 | 143.106 | 123.209 | | | | **489.460** |

[3] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **2018** | | Bliain **2019** | | Bliain **2020** | | | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas[1] | Meá ncho stas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIRÍ SONRACHA Uimh. 1 agus 4[2] Faisnéis staidrimh a sholáthar go tráthúil chun tacú le forbairt, le faireachán agus le meastóireacht a dhéanamh ar bheartais an Aontais ar bhealach a léiríonn tosaíochtaí i gceart, agus cóimheá á coinneáil idir réimsí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil agus freastal á dhéanamh ar riachtanais an raoin leathain úsáideoirí staidrimh Eorpaigh, lena n-áirítear cinnteoirí eile, taighdeoirí, gnólachtaí agus saoránaigh Eorpacha i gcoitinne, ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de agus gan dúbailt iarrachta nach gá. A chinntiú go gcoinnítear soláthar staidrimh comhsheasmhach le linn thréimhse feidhme iomlán an chláir, fad nach gcuirfidh an méid sin isteach ar shásraí socraithe tosaíochtaí an Chórais Staidrimh Eorpaigh (CSE). | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | Gníomhaíochtaí ... | 0.170 | 215 | 35.441 | 264 | 45.194 | 267 | 46.617 | | | | | | | | | 746 | 127.252 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach 1 | | 0.170 | 215 | 35.441 | 264 | 45.194 | 267 | 46.617 | | | | | | | | | 746 | 127.252 |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2 Modhanna táirgthe nua a chur chun feidhme maidir le staidreamh Eorpach d'fhonn gnóthachain éifeachtúlachta agus feabhsúcháin cháilíochta a bhaint amach. | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | Gníomhaí ochtaí | 0.387 | 60 | 22.504 | 68 | 26.482 | 69 | 27.260 | | | | | | | | | 197 | 76.246 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach 2 | | 0.387 | 60 | 22.504 | 68 | 26.482 | 69 | 27.260 | | | | | | | | | 197 | 76.246 |

1 Is é atá in aschuir - earraí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g. líon scéimeanna malairte do mhic léinn a mhaoinítear, líon ciliméadar de bhóithre a thógtar etc.).

2 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha'.

| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 3<br><br>An chomhpháirtíocht laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach agus lasmuigh de a neartú chun feabhas breise a chur ar a tháirgiúlacht agus ar an ról atá aige ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir le staidreamh oifigiúil | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| - Aschur | Gníomhaíochtaí staidrimh | 0.056 | 28 | 1.530 | 28 | 1.569 | 28 | 1.609 | | | | | | | | | 84 | 4.708 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach 3 | | 0.056 | 28 | 1.530 | 28 | 1.569 | 28 | 1.609 | | | | | | | | | 84 | 4.708 |
| **IOMLÁN** | | 0.204 | **303** | **59.475** | **360** | **73.245** | **364** | **75.486** | | | | | | | | | **1027** | **208.206** |

### *3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí de chineál riaracháin*

### 3.2.3.1. Achoimre

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2018** [1] | Bliain **2019** | Bliain **2020** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 5 DEN CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 88.904 | 87.148 | 85.392 | | | | | **261.444** |
| Caiteachas riaracháin eile | 3.290 | 3.290 | 3.290 | | | | | **9.870** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 DEN CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL** | 92.194 | 90.438 | 88.682 | | | | | **271.314** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 DEN CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL** [2] | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 2.584 | 2.650 | 2.718 | | | | | **7.952** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 0.646 | 0.663 | 0.679 | | | | | **1.988** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 DEN CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL** | 3.230 | 3.313 | 3.397 | | | | | **9.940** |
| **IOMLÁN** | **95.424** | **93.751** | **92.079** | | | | | **281.254** |

Soláthrófar na leithreasaí a theastaíonn le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasaí ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht na gníomhaíochta faoina cúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den

1 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

2 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí AE (seanlínte 'BA'), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme.

Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | Bliain **2018** | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | |
| 29 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | 605 | 593 | 581 | | | |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | |
| XX 01 02 01 (CA, SNE, INT ón 'gclúdach iomlánaíoch') | 104.6 | 102.6 | 100.6 | | | |
| XX 01 02 02 (CA, LA, SNE, INT agus JED sna toscaireachtaí) | | | | | | |
| **XX** 01 04 **bb** [1] - sa Cheanncheathrú | | | | | | |
| **XX** 01 04 **bb** [1] - i dToscaireachtaí | | | | | | |
| **XX** 01 05 02 (CA, SNE, INT - Taighde indíreach) | | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, SNE, INT - Taighde díreach) | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) 29 01 04 01 | 39.0 | 39.0 | 39.0 | | | |
| **IOMLÁN** | **748.6** | **734.6** | **720.6** | | | |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht na gníomhaíochta faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Baineann na cúraimí atá le comhlíonadh go príomha le hobair mhodheolaíoch ar thaobh amháin agus le bailiú, le bailíochtú, le próiseáil agus le scaipeadh na faisnéise staidrimh a bhaineann leis na réimsí a leagtar amach sna Rialacháin is infheidhme maidir le staidreamh Eorpach ar an taobh eile. Baineann siad freisin le gníomhaíochtaí ABB de chuid Eurostat, is iad sin, 'Tacaíocht riaracháin do Eurostat' agus 'Straitéis beartais agus comhordú Eurostat'. |
| Pearsanra seachtrach | Tacú leis na hoifigigh agus leis na gníomhairí sealadacha na cúraimí thuasluaite a chur i gcrích. |

1 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí (seanlínte 'BA').

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– ☐ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☒ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

Moltar méadú iomlán EUR 25.2 milliún os cionn an chláraithe airgeadais reatha do líne buiséid 29 02 01 don tréimhse 2018-2020. I gcás ar bith, cloífidh an méadú sin le huasteorainneacha foriomlána Cheannteideal 1a dá bhforáiltear sa chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020.

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– ☐ Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

– ☒ Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasaí in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2018** | Bliain **2019** | Bliain **2020** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ranníocaíocht a fuarthas ó Chónaidhm na hEilvéise | 3.899 | 4.210 | 4.224 | | | | | 12.333 |
| IOMLÁN leithreasaí cómhaoinithe | 3.899 | 4.210 | 4.224 | | | | | 12.333 |

An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasaí atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[1] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imreofar tionchar orthu.

| |
|---|
| |

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

| |
|---|
| |

[1] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh shiúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de chostais bhailiúcháin a bheith bainte astu.